| Cuntasaíocht | Meitheal Forbartha – Cruinniú an 12 agus an 14 Bealtaine 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte agus Nuashonruithe ón gCathaoirleach** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na Meithle Forbartha chuig an gcruinniú. |
| **Dearbhuithe, Miontuairiscí agus Nithe ag Éirí Astu** | Níor cuireadh aon dearbhuithe leasa in iúl.<br><br>Glacadh leis na Miontuairiscí ón gcruinniú deireanach faoi réir leasú amháin. |
| **An Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar fhoclaíocht na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis. |
| **Snáithe a hAon agus Snáithe a Trí** | Phléigh an mheitheal mionathruithe breise ar shnáithe a haon agus ar shnáithe a dó agus ghlac sí leo. |
| **Snáithe a Trí agus Snáithe a Ceathair** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar shnáithe a trí, ar shnáithe a ceathair, ar na briathra gnímh agus ar an ngluais téarmaí i bhfianaise aiseolas ón gcomhairliúchán. Mhol Cruinniú na Meithle Forbartha roinnt mionchoigeartuithe a dhéanamh ar chuid den fhoclaíocht agus tháinig an mheitheal ar chomhaontú maidir leo. |
| **Athbhreithniú ar an Réasúnaíocht agus ar na hAidhmeanna** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar réasúnaíocht agus aidhmeanna na sonraíochta; rinneadh moltaí do leasuithe, pléadh iad agus glacadh leo. |
| **Aon ghnó eile agus na chéad chéimeanna eile** | Comhaontaíodh go gcuirfí an tsonraíocht ar aghaidh chuig an mBord don tSraith Shinsearach lena plé agus ansin chuig an gComhairle lena faomhadh. Léiríodh imní maidir leis an méid ama a tugadh d’ábhair Thráinse 2. Tugadh faoi deara go mbeadh tábhacht le hoiliúint agus acmhainní a chur ar fáil mar chuid den chur chun feidhme. |